C/2024/3267

22.5.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11567 — MSI / FINHOLD / SALCEF)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3267)

1. An 13 Bealtaine 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Morgan Stanley Infrastructure Inc. ('MSI', na Stáit Aontaithe), faoi rialú Morgan Stanley (na Stáit Aontaithe),

— Finhold S.r.l. ('Finhold', an Iodáil), faoi rialú theaghlach Salciccia (an Iodáil),

— Salcef Group S.p.A. ('Salcef', an Iodáil), faoi rialú Finhold faoi láthair.

Gheobhaidh MSI agus Finhold rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) ar Salcef ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn MSI seirbhísí airgeadais ar fud an domhain, lena n-áirítear comhairle maidir le bainistíocht sócmhainní agus, go háirithe, comhairle le haghaidh cistí a infheistíonn i sócmhainní bonneagair i dtíortha ECFE den chuid is mó. Tá MSI faoi rialú Morgan Stanley amháin, ar mórghnólacht seirbhísí airgeadais domhanda é a sholáthraíonn raon leathan seirbhísí baincéireachta infheistíochta, urrús, bainistíochta rachmais agus bainistíochta infheistíochta,

— Is eintiteas cuideachta sealbhaíochta é Finhold atá faoi rialú deiridh theaghlach Salciccia.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Salcef: tógáil agus cothabháil bonneagar iarnróid agus meitreo, go príomha san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus sa Mheánoirthear.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11567 — MSI / FINHOLD / SALCEF

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.